I ndiaidh an Rása

Tángadar na carranna anall de sciuird i dtreo Átha Cliath agus iad ag gluaiseacht ar aghaidh go caol díreach ar Bhóthar an Náis. Ní thabharfá de shamhail dóibh acht púróga ag rith tre chlais. Baí an lucht féachana cruinnithe la chéile i mbulcaibh mbeagaibh ar mhullach an fhánáin arsan Inse Chóir do amhairc arsna carrannaibh agus iad ag scinneadh go ceann scríbe, agus tre chlais seo an ghanntanais agus na heaspa forbartha, gluais an Mhór-roinn a saibhreas agus a tionscal. Ó am go chéile, ligeadar na scataí daoine gáir mholta na ndaor mbuíoch astu. Ba lasna carranna gorma a imríodar dáimh áfach - carranna a gcairde, na Francaigh.

Rud eile dhe, ba iad na Francaigh na buaiteoirí, geall leis. Do chríochníodar a bhfoireann siúd go maith; bhaineadar an dara agus an tríú áit amach agus dúradh gur Bheilgeach é tiománaí an chairr Ghearmánaigh a bhuaigh an rása. Cuireadh an dá oiread fáilte re gach aon charr ghorm agus é ag dul thar mhullach an fhánáin dá bharr, agus iad siúd a bhádar issa charr, freagraíodar an ngháir molta la fáthadh an gháire agus la sméideadh cinn. I gcionn dena carrannaibh dea-dhéantaibh seo bádar buíon cheathrar fear óg ar chosúil go rabh a meanma bhuacach agan tráth sin ag baint bairr arsan bhFrancachas rathúil: déanta na fírinne bádar sceitimíní orthu, nach mór. Ba é an ceathrar a bhaí ann, *Charles Ségouin*, an té ar leis an carr é; *André Rivière*, leictreoir óg as Ceanada ó dhúchas dó; Ungárach mór millteach darbh ainm *Villona* agus fear óg pioctha bearrtha darbh ainm *Doyle*. Baí deá-ghiúmar ar Séguin mar fuair sé roinnt ordaithe roimh ré gan choinne (baí sé ar tí chur ghnó gluaisteáin ar siúl issa Pháras) agus baí dea-ghiúmar ar Rivière de bhrí go ndearnadh bainisteoir de arsan chomhlacht; baí an dea-ghiúmar arsan bheirt fhear óg seo (ar chol cheathracha iad) mar gheall ar rath na gcarranna bhFrancacha issa rása freisin. Baí dea-ghiúmar ar Villona mar go rabh lón an-sásúil aige; agus thairis sin, baí an soirbheas de mhianach ann. Maidir lasan gceathrú duine den bhuíon áfach, baí sé fon oiread cearthaí is nár fhéad do bheith físor-shásta.

Baí sé tuairim is fiche sé bliain d’aois, baí croiméal donn éadrom aige agus bádar súile liatha aige a rabh cuma shoineanta go leor orthu. Do mhaolaigh a athair, a thosaigh amach issa saol mar Náisiúnach chruthanta, mhaolaigh sé a thuairimí go luath issa tsaol. Do rinne sé a rachmas mar bhúistéir i nDún Laoghaire agus baí a rachmas déanta arís agus arís eile aige as oscailt siopaí in Áth Cliath agus isna bruachbhailtibh. Do bhaí sé de rath air baint amach cuid de chonarthaibh an Gharda Síochána agus issa deireadh bhaí sé sách saibhir is go ndearnadh tagairt air mar cheannaí láidir isna páipéaraibh nuachta. Chuir sé a mhac go Sacsana la fáil oidis i gcoláiste gCaitliceach mór la rá agus chuir ar *Dublin University*:[1] ina dhiaidh sin chun dula la dlí. Ní rabh Jimmy ró-dhúthrachtach i mbun staidéir agus d’imigh la drabhlás ar feadh seala. Baí airgead aige agus bádar neart cairde aige; agus roinn sé a chuid ama go corrmhéineach idir aicme an cheoil agus aicme na gluaisteánaíochta. Cuireadh go *Cambridge* ar feadh téarma ansin é dho bhlaiseadh beagáin den tsaol. Agus a athair ag casaoid fon dul thar fóir acht mórtasach as ina chroí istigh agan am chéanna, d’íoc sé siúd na billí agus thug abhaile é. Ba i *Cambridge* a bhuail sé la Ségouin. In ainneoin nach rabhadar an-mhór lana chéile go fóill, bain Jimmy an-sult as comhluadar duine a rabh an oiread sin den domhain feicthe aige agus a rabh sé de cháil air gur leisean cúpla ceann dena hóstánaibh ba mhó issa Fhrainc de réir tuairisce. B’fhiú go mór é aithne ara leithéid de dhuine (rud a d’aontaigh a athair leis faoi), go fiú amháin mura mbeth sé chomh taitneamhach mar chompánach is a bhaí. Baí Villona taitneamhach freisin – pianódóir den scoth ab é – acht, faraor, baí sé an-bhocht.

Lasc an carr chun cinn lana lucht fear óg scléipeach. Bádar an bheirt chol ceathracha ina suí chun tosaigh; bádar Jimmy agus a chara Ungárach issa tsuíochán chúil. Baí Villona ar bharr na gaoithe amach is amach; coinnigh sé drantán toll ceoil ar siúl ar feadh na mílte den bhealach. Roinneadar na Francaigh a ngáire agus a bhfocail chiúin thara ngualainn lasan mbeirt laistiar díobh agus b’éigean do Jimmy cromadh chun tosaigh go minic d’fhonn chloisteáil an fhocail prais. Ní rabh mórán pléisiúir ag Jimmy ann i ndáiríre, mar b’éigean dó tomhas na céile go haclaí agus freagra feiliúnach

dho screadadh ar ais in aghaidh gaoithe móire. Ar aon nós, chuirfeadh crónán Villona mearbhall ar dhuine ar bith; torann an chairr freisin.

Cuireann luas lasrach giodam ar dhuine; déanann cáil amhlaidh; fearacht mar a dhéanas seilbh airgid. Ba trí chúis giodaim iad seo ag Jimmy. Chonaiceadar go leor dá chairdibh é i gcuideachta na nEorpach seo. Cuir Ségouin in aithne do dhuine dena hiomaitheoiribh Francachaibh é agan chionn sprice, agus, mar fhreagra arsan chomhghairdeas chiotach a dhein Jimmy trena fhiacla, dein an tiománaí meangadh gáire leis a nocht líne fiacla geala in aghaidh chrón. Tar éis na honóra sin, baí sé go breá filleadh ar shaol choitianta an lucht féachana, agus daoine ag tabhairt uillinne dá chéile agus ag breathnú air. Ansin maidir lasan n-airgead, is cinnte go rabh suim mhór ara sheilbh. B’fhéidir nach measadh Ségoin gur shuim mhór airgid í, acht, i gcás Jimmy, in ainneoin na mbotún do rinne sé ar feadh scaithimh, issa deireadh thiar do thug seisean an stuaim ó dhúchas agus thuig go maith an ndua a caitheadh la bailiú an airgid seo. Do choinnigh a fhios seo a bhillí taobh istigh de theorann na meargántachta réasúnta roimhe sin ina shaol agus, má baí beann aige arsan dua a chaitear la saothrú airgid nuair nach rabh i gceist acht cor aisteach de bhua na hintleachta, is amhlaidh ba mhó a bheann aige air anois ó baí sé ar tí cuir i ngeall na coda ba mhó dá shlí bheatha. Ba mhór an rud dó é.

Ar ndóigh, ba thairbheach an infheistíocht é agus d’éirigh la Ségouin tabhairt la tuiscint gurbh ar mhaithe la déanamh gair dá chara a chuirfí an lear mór airgid Éireannaigh lasan gcaipiteal eile issa dtionscnamh. Baí meas ag Jimmy ar chríonnacht a athair i gcúrsaibh gnó agus issa chás seo ba é a athair ba luaithe a mhol an bhfuilleamh; baí airgead la déanamh as tionscadal na ngluaisteán – carn airgid. Ina theannta sin, baí cosúlacht so-aitheanta an tsaibhris ar Ségouin. Chuaigh Jimmy ara mharana fon charr uasal inar shuí sé dho mheasadh a luacha i laethantaibh oibre. A éasca a rith an t-inneall. A ghalánta a ghluaiseadar chun cinn arsna bóithribh caolaibh fon tuath! Leag an turas méar dhraíochtúil ar chuisle an tsaoil agus chuaigh córas néaróga daonna i ngleic go curata la pocléimeanna an ainmhí ghorm scafánta.

Tiomáineadar síos Sráid an Dáma. An tsráid trangláilte la trácht neamhchoitianta, bhí sí callánach la bonnáin thiománaithe cairr agus la cloig thiománaithe tram mífhoighneacha. Tarraing Ségouin isteach gar don bhanc agus chuaigh Jimmy agus a chara amach. Cruinnigh dornán daoine arsan chosán do bhreathnú la haoibhneas arsan mhótar chumhachtach. Bhaí sé socruithe go gcaithfeadh an comhluadar dinnéar la chéile an oíche sin in óstán Ségouin, agus, idir an dá linn, go dtéadh Jimmy agus a chara, a bhaí ag fanacht leis, go dtéidís abhaile la haghaidh athrú éadaigh. Tarraing an carr amach go mall ara bhealach go Sráid Grafton agus brúadar an bheirt fhear tresan ndornán lucht féachana. Siúladar ó thuaidh fo sholas fhann na lampaí sráide issan oíche bhrothallach shamhraidh, agus díomá nó cumha éigean orthu fon tsocrú. Osa gcionn, lonnraíodar lampaí sráide na cathrach go fann fon luath-oíche mhodartha arna gcrochadh suas don oíche.

I dtigh Jimmy, dúradh gurbh ócáid mhór la rá é an dinnéar seo. Baí mórtas áirithe a mhuintire fite fuaite la faitíos; díocas éigean chun meargántachta freisin, mar ara laghad tá bua na meargántachta seo ag ainmneachaibh cathracha móra eachtrannacha. Anuas ar sin, baí Jimmy gléasta go galánta. Seas sé issa halla ag socrú shnaidhm a charbhait. Baí a athair sásta – b’fhéidir gur shástacht ó thaobh chúrsaí tráchtála a bhaí ann go fiú, mar gheall ar cháilíochtaibh a bhain sé amach dá mhac nach minic a bhfuil ceannach orthu. Baí a athair cairdiúil murab ionann is riamh la Villona dá dheasca sin, agus baí meas dáiríre ar bhuannaibh ón choigríoch la sonrú ara iompar. Ní dócha gur tug an t-Ungárach, a rabh cíocras a dhinnéir ag tuidheacht air, gur tug seisean ceann don mhíníneacht seo áfach.

Baí an dinnéar ar fheabhas, b’fhíorálainn é. Comhair Jimmy gur bhéasaí shofaisticiúil Ségoin. Méadaíodh an chuideachta la Sacsanach óg darb ainm *Routh* a bhfaca Jimmy i dteannta Ségouin in Cambridge é. Itheadar agus óladar na fir óga la chéile i seomra seascair a bhaí fo sholas lampaí

coinnle leictreacha. Bádar ag stealladh cainte agus is beag dúnáras a bhaí orthu. Samhlaigh Jimmy, a bhaí a íomháineacht ag múscailt ann, samhlaigh óige bhíogúil an Fhrancaigh casta go healaíonta timpeall chreatlach dhaingean dhóigh an tSacsanaigh. Samhlú grástúil, a mheas sé, agus samhlú cruinn. Chuaigh an stuaim lanar stiúir a dtíosach an gcomhrá i gceann air. Baí a luí féin ag gach aon duine den chúigear fear óg agus ligeadar scód lana dteangacha. Tosaigh Villona ag cásamh dul i léig na sean-uirlisí ceoil agus ag míniú áilleacht an *madrigal* Sacsanach don tSacsanach, rud a chuir pas beag ionaidh airsean. Tug Rivière fo mhíniú bhua na n-inneall bhFrancach do Jimmy, míniú nach rabh gan chlaonadh. Baí guth glórach an Ungáraigh ag fáil an chinn ab fhearr arsan chomhrá agus é ag déanamh fonóide fo liúiteannaibh bhréagachaibh na bpéintéirí rómánsacha nuair a threoraigh Ségouin a chuideachta i dtreo chúrsaí polaitíochta. Seo ábhar cainte a fheilfeadh do chách. Isan atmaisféar spreagúil ann, braith Jimmy dúthracht cheilte a athar ag borradh istigh ina chliabh: croith Jimmy Routh asa spadántacht faoi dheireadh. Méadaigh teocht an tseomra faoi dhó agus éirigh dualgas Ségouin níos deacra agus níos deacra fós la gach nóiméad: baí baol ann go fiú go dtagadh gangaid idir na fir. Ardaigh an tíosach airdeallach a ghloine ar son na daonnachta nuair a tháinig an deis agus, nuair a óladh fona tuairim, leath sé an bhfuinneog go drámata.

An oíche sin baí masc príomhchathrach á chaitheamh agan chathair. Siúladar an cúigear fear go réidh síos faiche Stiofáin fo shláimín deataigh cumhra. Labhraíodar go glórach aerach agus bádar a bhfallaingeacha ar liobarna óna nguallainnibh anuas. Ligeadar na daoine slí dhóibh. Ag coirnéal Shráid Grafton baí fear beag ramhar ag cur bheirt bhan uasal dhóighiúl ar chóiste fo chúram fir big ramhair eile. Imigh an chóiste ar siúil gur leag an fear ramhar súil arsan chuideachta.

‘André.’

‘*Farley* atá ann!’

Lean rilleadh cainte dhe sin. Ba Mheiriceánach é an Faircheallach. Ní rabh aon duine cinnte céard faoi a bhaí an chaint. Ba iad Villona agus Rivière na fir ba ghlóraí, acht baí spleodar ar gach duine. Chuadar ar chóiste agus brúdar go dlúth la chéile uirthi la mórán gáirí. Chuadar trisan slua, a rabh cumasc tláith dathanna anois air, agus ceol na gcloigíní meidhreacha á dtionlacan. Tógadar an dtraein ag Rae an Iarthair agus i gceann cúpla soicind, mar a chonacthas do Jimmy, bádar ag siúl amach as *Kingstown Station*.[2] Beannaigh an fear ticéad do Jimmy; ba fhear aosta é:

‘Oíche dheas, *sir*!’

Oíche shámh shamhraidh a bhaí ann. Bhí an cuan ina luí aga gcosaibh mar a bheth scáthán dubhaithe ann. Deineadar air, ag canadh *Cadet Roussel*[3] as béal a chéile agus ag bualadh a gcosa ar an dtalamh ag gach:

‘Ho! Ho! Hohe!, vraiment !’

Chuadar isteach i mbád iomartha agan fhánán lainseála agus trialladar ar luamh an Mheiriceánaigh. Baí suipéar, ceol agus cártaí ag fanacht orthu. Dúirt Villona la díograis:

‘Is gleoite é!’

Baí pianó luaimh issa chábán. Seinn Villona váls do Farley agus do Rivière. Dein Farley ról an mharcaigh agus gabh Rivière páirt na mná. Ansin damhsa cearnógach gan ullmhú, na fir ag cumadh cumraíochtaí nua. A leithéid de mheidhir! Glac Jimmy a pháirt la fonn; an saol do bhlaiseadh – ba é seo é, ara laghad. Ansin táinig giorra anála arsan bhFaircheallach gur glaoigh sé *‘Stop!’* Beir fear cuid éadrom na hoíche isteach agus suíodar síos agan bhord ar mhaithe la gnás. Óladar, áfach: ba Bhoihéamach an nós é. Óladar Éire, Sacsana, An bhFrainc, na Stáit Aontaithe. Tug Jimmy aitheasc,

aitheasc fada, Villona ag rá: *‘Hear! Hear!’* gach uair a bhaí stad issa spéic. Deineadh bualadh bos mór nuair a shuí sé síos. Ní mó ná gurbh óráid mhaith í. Tug Farley bos tréaslaithe isna slinneánaibh dó agus dein gáire rachtúil. Nach iad a bhaí croíúil! Nach maith an comhluadar iad!

Cártaí! Cártaí! Glanadh an mbord. Fill Villona go ciúin ara phianó agus seinn deontraithe dhóibh. Imríodar na fir eile cluiche i ndiaidh cluiche, dá gcaitheamh isteach go fonnmhar issa bhfiontar. Óladar sláinte an Bhanríon Hairt agus an Bhanríon Muileata. Airigh Jimmy lucht féachana agus éisteachta uaidh beagán: ba mhór an léaspairt a bhaí issa chuideachta. Bádar geallta arda á n-imirt acu agus tosaigh páipéar ag dul thart. Ní rabh a fhios ag Jimmy go cinnte cé a bhaí ag buachan acht baí a fhios aige go rabh sé féin ag cailliúint. Acht ba airsean a bhaí an locht mar gur bain sé dearmad go minic lana chártaí agus b’éigean dona fearaibh eile ríomh an mhéid a bhaí la híoc aige. Ba ardfhir iad acht ba thrua leis nach stopaidís: baí sé ag éirí déanach. Mol duine éigean ól sláinte *The Belle of Newport* agus mol duine éigean eile cluiche mór amháin mar chríoch arsan oíche.

Stop an pianó; caithfidh gur chuaigh Villona aníos ar deic. Ba uafásach an cluiche é. Stadadar díreach rena dheireadh chun áidh móir do ól. Tuig Jimmy gurbh idir Routh agus Ségouin a bhaí an cluiche. Nach mór an spórt é! Baí Jimmy ar bís freisin; chaillfeadh sé, ar ndóigh. Cá mhéad a dhíscríobh sé? Éiríodar na fir ina seasamh la himirt an chleas deiridh, ag caint agus ag oibriú na lámh. Ag Routh a bhaí an bua. Croith an cabán la gairdeas na bhfear n-óg agus scuabadh na cártaí lana chéile. Tosaíodar ag bailiú isteach an méad a bhuadar. An Fearghaile agus Jimmy ba mhó a bhaí thíos lasna cluichí cártaí.

Baí a fhios aige go mbeadh aiféala air ar maidin acht i láthair na huaire baí sé buíoch den tsos, buíoch den toirchim suain a chlúdódh a bhaois. Lig sé a dhá uillinn arsan mbord gur bain taca a chinn lana lámha, ag comhaireamh na mbuillí croí ina uisinnibh. Oscail doras an chábáin isteach agus chonaic sé an n-Ungárach ina sheasamh i nga liath solais léith:

‘Maidneachan, a fheara uasail!’

1 ***Dublin University:*** *Trinity College*/Coláiste na Tríonóide mar is fearr aithne air anois. Ba choláiste den aicme shaibhir Phrotastúnach den chuid is mó é go le gairid.

2 ***Kingstown Station*** Stáisiún Dhún Laoghaire.

3 ***Cadet Rousselle:*** Leagan nua Sacsanach den amhrán a chum *Gaspard de Chenu* i 1792 in *Auxerre*, issa Fhrainc. Cumadh an leagan Sacsanach i 1919 agus canadh é la tionlacan pianó i seónnaibh ceoil na gcathracha móra ar fud na Ríochta Aontaithe. Tá sé bhuille i leathchúpla den loinneoig ag deireadh gach véarsa, agus gabhtar na focail mar a rabh pléascadh gáire ann. Seo na focail issa bhunleagan: *Ah ! Ah ! Ah ! Oui, vraiment...* Ba amhrán máirseála mór la rá é an bunleagan in arm na Fraince fo 1919 agus sin is cúis lasna buillí coise.